2023/2684

28.11.2023

CINNEADH (AE) 2023/2684 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 21 Samhain 2023

maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2024 (BCE/2023/28)

TÁ BORD FEIDHMIÚCHÁIN AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 2(9) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu ('Ballstáit an limistéir euro' anseo feasta) a fhormheas.

(2) Chuir an 20 Ballstát limistéir euro faoi bhráid an BCE a n-iarratais ar fhormheas líon na mbonn atá le heisiúint in 2024, arna fhorlíonadh le nótaí míniúcháin ar an modheolaíocht réamhaisnéise. Chuir cuid de na Ballstáit seo den limistéar euro faisnéis bhreise ar fáil freisin maidir le boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht, i gcás go bhfuil faisnéis den sórt sin ar fáil agus a measann na Ballstáit lena mbaineann sa limistéar euro a bheith riachtanach chun an t-iarratas ar fhormheas a fhíorú.

(3) Toisc go bhfuil ceart na mBallstát sa limistéar euro chun bonn euro a eisiúint faoi réir fhormheas an BCE maidir le líon na heisiúna, de réir Airteagal 3(1) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), ní fhéadfaidh Ballstáit an limistéir euro an líon arna fhormheas ag an BCE a shárú gan cead a fháil roimh ré ón BCE.

(4) De bhun Airteagal 2 9) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43), toisc nach gá aon mhodhnú ar líon eisiúintí bonn arna iarradh, tugtar de chumhacht don Bhord Feidhmiúcháin an Cinneadh seo a ghlacadh maidir leis na hiarrataí bliantúla ar fhormheas de líon eisiúintí bonn in 2024 a chuir Ballstáit an limistéir euro isteach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe:

Chun críocha an Airteagail seo, tá feidhm ag na sainmhínithe in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43).

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

Airteagal 2

Formheas de líon na mbonn euro atá le heisiúint in 2024

Formheasann an BCE leis seo líon na mbonn euro atá le heisiúint ag Ballstáit an limistéir euro in 2024 amhail mar a leagtar amach sa tábla seo a leanas:

	Líon na mbonn euro arna fhormheas lena n-eisiúint in 2024		
	Boinn atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht	Boinn inbhailithe (nach bhfuil beartaithe lena gcur i gcúrsaíocht)	Líon eisiúintí bonn
	(EUR milliún)	(EUR milliún)	(EUR milliún)
An Bheilg	22,40	0,30	22,70
An Ghearmáin	419,00	172,00	591,00
An Eastóin	12,60	0,46	13,06
Éire	32,36	0,50	32,86
An Ghréig	129,90	0,61	130,51
An Spáinn	280,47	40,00	320,47
An Fhrainc	334,00	60,00	394,00
An Iodáil	268,81	4,88	273,69
An Chipir	6,50	0,01	6,51
An Chróit	42,78	0,20	42,98
An Laitvia	7,90	0,20	8,10
An Liotuáin	12,00	0,48	12,48
Lucsamburg	13,50	0,32	13,82
Málta	6,70	0,50	7,20
An Ísiltír	34,00	1,00	35,00
An Ostair	128,50	176,76	305,26
An Phortaingéil	74,60	1,70	76,30
An tSlóivéin	22,00	1,00	23,00
An tSlóvaic	14,00	2,50	16,50
An Fhionlainn	10,00	5,00	15,00
Iomlán	1 872,02	468,42	2 340,44

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na seolaithe.

Airteagal 4

Seolaithe

Dírítear an Cinneadh ar BCNanna na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 21 Samhain 2023.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE